



Míchumas Ginearálta Meánach Foghlama


I ndaltaí a bhfuil míchumas ginearálta meánach foghlama orthu is dócha go léireoidh siad moill shuntasach ag sroicheadh clocha mhíle na forbartha. Seans go mbeidh forbairt lagaithe agus cumas foghlama lagaithe ar na daltaí seo maidir le litearthacht agus le huimhearthacht bhunúsach, le teanga agus le cumarsáid, le soghluaisteacht agus le scileanna fóillíochta, le comhordú luaileach agus le forbairt shóisialta phearsanta. Ina lán daltaí a mbíonn míchumais ghinearálta mheánacha foghlama orthu seans go mbeidh deacrachtaí acu leis an achar ama is féidir leo díriú ar ghníomhaíochtaí, le heolas a aistriú agus a ghinearálú i gcásanna difriúla agus le hionchur a phróiseáil ó níos mó ná céadfa amháin ag an am. Chomh fada agus a bhaineann sé le IQ (Sainuimhir Intleachta) a úsáid mar tháscaire do mhíchumas ginearálta meánach foghlama, bíonn feidhmeanna cognaíocha na ndaltaí ag rangú ó IQ 35 go 50 ar thástálacha caighdeánaithe IQ. Seans go mbeidh laigí eile ag a lán daltaí anuas air sin, mar shampla, lagú fisiceach, éisteachta nó amhairc, neamhoird speictrim uathaigh (NSU) agus suaithheadh mothúchánach nó lagú i scileanna cumarsáide. Cuimhnigh go bhfuil gach dalta difriúil – ní gá go n-oibreodh an rud céanna do gach dalta.



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Cuir an clár foghlama in oiriúint d'inniúlacht agus do chumas na ndaltaí agus cinntigh gur féidir leo é a leanúint ag luas atá oiriúnach dóibh.
- Spreag daltaí chun bogadh ó ról neamhghníomhach go ról freagrach idirghníomhach áit a gcuireann siad tús le gníomhaíochtaí agus áit a mbíonn cumarsáid mar chuid den ghníomhaíocht foghlama.
- Díriú ar láidreachtaí na ndaltaí chomh maith lena riachtanais le linn an phróisis foghlama agus teagaisc.
- Tabhair tascanna do na daltaí atá laistigh dá gcumas agus ina bhfuil céimeanna soiléire so-dhéanta.
- Tabhair treoracha beachta i dteanga shoiléir, ghlan. Smaoinigh ar mhúnla nó ar phictiúr den sprioc deiridh nó den táirge deiridh a úsáid ionas go mbeidh a fhios ag na daltaí an rud a bhfuil siad ag súil leis.
- Na pointí tosaithe agus deiridh déan iad soiléir agus seachain débhríocht, ag baint leasa as leideanna amhairc chun aird a tharraingt ar an gciall. Cuir tascanna i láthair ag úsáid siombailí nó tabhair treoracha le liosta scríofa/pictiúrtha nó cártaí leide.
- Ná tabhair isteach níos mó ná scil nua amháin ag an am.

- Spreag daltaí le bheith ina bhfoghlaimoirí neamhspleácha.
- Úsáid mapáil shéimeantach/coinceapa chun tógáil ar eolas reatha an dalta.
- Abair rudaí arís is arís, mol daltaí go minic agus spreag iad go minic.
- Cuir curaclam idirdhealaithe, atá oiriúnach de réir aoise, ar fáil do na daltaí.
- Bain feidhm as raon leathan acmhainní foghlama [m.sh. áiseanna amhairc (cairteanna/déantáin), rudaí coincreiteach, bogearraí ríomhaire agus téacsanna inrochtana].
- Eagraigh gníomhaíochtaí praiticiúla (m.sh. cluichí, ionsamhlúcháin, rólghlacadh agus turais allamuigh).
- Lig do na daltaí ríomhaire a úsáid le haghaidh druile, tógáil scile, próiseáil focal agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar an gcuraclam.
- Úsáid cleachtaí tógála féinmheasa/muiníne.
- Úsáid piartheagasc agus grúpaí foghlama comhoibritheacha, a éascaíonn idirghníomhú agus cumarsáid.
- Tabhair deiseanna do na daltaí le heolas agus scileanna a ghinearálú. Seans go gcaillfidh daltaí a aistríonn chuig timpeallacht nua cuid de na scileanna a shealbhaigh siad roimhe sin agus seans go mbeidh orthu na scileanna a athfhoghlaim sa timpeallacht nua (m.sh. nuair a bheidh aistriú ranga nó aistriú chuig scoil eile i gceist).
- Tuig go mb'fhéidir go mbeidh ort scileanna sóisialta a theagasc go soiléir. Leag béim ar leith ar a chinntiú go dtuigeann na daltaí róil éagsúla an éisteora agus an chainteora, fanacht lena seal, fanacht i líne agus oibriú i ngrúpaí le daltaí eile.
- Cuir teorainneacha soiléire ar fáil maidir le cúrsaí iompraíochta.
- Nasc cláir churaclaim le forbairt na scileanna réamhghairme.
- Cuir deiseanna san áireamh, d'aon ghnó, i dtráthchlár na ndaltaí chun iad a mhealladh chun rogha a dhéanamh agus chun féin-riar a chleachtadh.
- Déan gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil an cur chuige céanna ag gach duine atá rannpháirteach i bpróiseas foghlama an dalta.





CUID 6: Míchumais Ghinearálta Foghlama



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2007) *Treoirínte do Mhúinteoirí na nDaltaí le Míchumais Foghlama Ghinearálta Mheánacha*. Ar fáil le híoslódáil ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, láithreán gréasáin: <http://www.ncca.ie/>
2. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1993) *Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (Report of the Special Education Review Committee)*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
3. Déanann an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) líon láithreáin a liostú a bhaineann le míchumais ghinearálta foghlama: <http://www.sess.ie/>
4. Soláthraíonn an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (LNTO) eolas úsáideach ar an mbealach gur féidir Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a úsáid do dhaltaí a bhfuil míchumais ghinearálta mheánacha foghlama orthu, láithreán gréasáin: <http://www.ncte.ie>
5. Teachernet: chun eolas a fháil ar riachtanais speisialta oideachais agus mhíchumas mar a bhaineann siad le córas oideachais na RA, láithreán gréasáin: <http://www.teachernet.gov.uk/wholeschool/sen/>
6. Tilstone, C. agus Siddles, R. (eds.) (1991) *Teaching Children with Severe Learning Difficulties: Practical Approaches*, Londain: David Fulton Publishers.
7. Westwood, P. (2007) *Commonsense Methods for Children with Special Educational Needs* (5ú eag.), Londain: RoutledgeFalmer.

